Tá tionscadal nua bunaithe in An Carn i gcontae Dhoire, bialann Croí An Chairn atá le hoscailt san Fhómhar. Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair ag lorg stiúrthóra/chef/cócaire agus foireann eile a bhfuil an Ghaeilge acu le bheith páirteach sa tionscadal nua seo.

Is bialann nuathógtha le trealamh iomlán nua é Croí An Chairn, agus is deis ar leith é seo do dhuine éigin, gan infheistíocht caipitil a dhéanamh, le bheith páirteach i ngnó agus i dtionscadal suaitheanta in earnáil na Gaeilge.

Seans go mbeadh lóistín ar fáil go háitiúil dá mbeadh an duine ag iarraidh bogadh isteach sa cheantar.

Má tá suim ag duine ar bith thiocfadh leo dul i dteagmháil le niall@fermacproperties.com.